Gach fonn go Fearaibh Muighe
[RIA 1134 (23/E/29), Book of Fermoy, 197]
Seaan Og Mag Rait[h] cecinit
[Rannaíocht Bheag, Dán Díreach]

1 Gach fonn gu Feruibh Muighe
do meaghaigh gac fhonn ele
ar chan in faidh in fili
sligi dam ar raidh reme.
2 Mog Ruith arna radh romum
gu fuil i ndail mar derum
gib e san íath nac anann
ní fhaghann se a fhiach d’f[h]erunn.
3 Torad[h] ac tnuidh re ar-oili
oman don uir a here
dil a fhiach d’F[h]eruib Muighi
treabhuidh duini a hiath ele.
4 Inadh righ moighi Muman
mas fir gu foighi folumh
in fuigheadh ind fher nAdhar
da fagad teagh Cind Corad[h].
5 Gu faghair iat da hibhi
re n-aghaidh a n-iath oili
do taisceadh d’f[h]éinn F[h]er Muighi
fleagh duini on f[h]eil co ar-oili.
6 Si ’ga iarraid[h] ’na hagaid[h]
nocha bhi acht d’f[h]iaghain fhaluigh
le haigidh gu fer fuinid[h]
cuirid[h] ben ainfhir fhaluigh.
7 Do is cuibdhi a ceannus fine
cuibhdhi ina cennus ele
mon foid-sin Airt ni fhuighi
duini a cairt Roitsig reme.
8 ’Na leith in tan nac tiagat
ní ghabh gan breith na bragatt
an reir gnath o nac gebhat
denat trath re feinn Fanat.
9 Adbar ordraic ’ga fagluibh
marbad[h] Cormac do chuimhnig
benaid[h] slat Lí do Laignibh
ní do aidbligh mac Muimnig.
10 Le baidhith do muig Muman
ar Daibhith ni fhuil anad
in cuairt rug gu Cenn Corad
fogar gerr tuc a tarad.
11 [........................]
do cuiread [ar?] iath oili
bud le[n?]sin fein a fuighi
Fir Muigi arn[a..............].
12 Ni hé so a-bháin do-berair [198]

a crodh leisin ndaimh ndoiligh
do beanad mian oir d’f[h]ilidh
a tighibh oil fhian nOilig[h].

13 Mar der ris is radh firi
a-dér ris radh gac daime
dod re[i]r is-tegh a teghi
flegh a celi o fheinn Aine.

14 Slighi na hagra is aluind
da n-agra fhini Fhelim
da n-eirghi lib bur luaghuill
tualuing sibh eirghi d’Eirinn.

15 Crodh gac airdi do airigh
da rabh cairdi ar dho comuidh
da rabh sil Airt att agaid[h]
maraid[h] cairt na righ romuibh.

16 Comha nochan ail aca
ac dola a ndail na gleca
teilgid t’fiann is cach cuca
bruta san ath siar seca.

17 Seoch gac neach da mbi ad baili
da mbeath nac bi an bur ngoiri
red bidbhaid[h] a-dir duini
luighi a n-imdhaid[h] fhir oili.

18 Muna dil in cain cumtha
niba din daibh a ngerrtha
minic cuiri ucht orrtha
lucht fromhtha duini derbtha.

19 An toir ac dol a dailsi
niba cor (daib no) doib re dilsi
gona ort 7 uaib[h]si
fola uaisli ac tocht trib[h]si.

20 Ga nech mar do-ni t’fele
ni bhi ac neach acht a nairi
niba buan di acht a daini
a mbi a Cailli in Druagh dhaili.

21 Ni trath d’aignead[h] gan f[h]ormat
cach ’na caidreabh da n-ad[h]rat
a triall gu ndeach ar dermod
nem[h]g[h]rod nech o fiad(einn) Ab[h]rat.

22 Lingter froigh d’ab[h]luibh uaine
le damraid[h] a ngoil grene
re hucht chuach fa Magh Maighi
gar scaili cruach da chele.

23 Re n-ighnuib[h] selg ar suidi
fa figraidh dearg os doiri
cuirit ucht ar fhoir nEne
lucht bleghe oir re ar-oile.

24 Duilli ar craibh ac breith buiri
da gac leith a laibh ailli
ibhidh craebh le goil ngrene

a braen fene a Moigh Maig[h]i.
25 Do lethnaig[h] soin na srotha
ferthain do cnoib mar cetha
torad[h] geg ar lar lacha
nar fhed lacha snamh seacha.
26 Nir an ar es da fhuairi
in cradh le tes na traigi
laigh in cruid aga cele
a laibh grene a Muig Maighe.
27 Mar tathar fa thuir Codhuil
fuil a máthar do meghaig[h]
in te is diamra rer delig[h]
eighir iarla he a hEamain.
28 Moid da rabh air re héigsibh
dar lat ni mar in moit-sin.
e fein do cuir an ceadsgoil
d’fechsoin scuir reid[h] an Roitsigh.
29 Gach ceim do-coidh a claine
da ceibh ar coir in fhainne
do fhigh in cland ’na cele
a mbarr chebhe fhir Aine.
30 Re fegh echtra ara n-airi
gan techta a teag[h] do loig[h]i
re sgiath ni dealaig[h] duine
d’Feruibh Muig[h]i a n-iath oili.
31 Lainndith don fhoir ’na aenar
Daibhith doibh aga denem
do-rindi in ri ar gart Gaigeal
ni far cainedh Art Einfhear.
32 Uilli uaidh risin rig[h]i
gu mbuail ar builli bairi
mar ta gac[h] bean biaid[h] Eri
’na diaigh fene ar f[h]ear nAini.
33 Daibhith ar ti na troda
do Daibith as i is uga
a coir gid do an aga
is fada on toir car cuga. G.f.g.feraib
34 Gach Siuan gu mnai Monaig[h]
gu Siuan ar ai a hoinigh
ni moidi is trom hí ar fhilid[h] [199]
tilidh sí an fonn gu froigidh.
35 Neach nocan f[h]uair a hoba
do leth a fuair gu fada
ni theid di ben da buga
gu tuga as-teagh hi a haga. g.f.g.f.m.o.i.g.e
36 Ni thic dib Daibith d’oba
baidhith ar thir ge tuga
gan sgath ren ag[h]aid[h] aga
ag[h]aid[h] fhada ac cach cuga. g.f.g.f.m.